


CÚIL RAITHIN 1613

Ar feadh na gcéadta, tá áit ríthábhachtach i stair na hÉireann ag Cúil Raithin ar bhruach na Banna. Ag tús na 17ú haoise bhí príomháit ag Cúil Raithin maidir leis an Phlandáil agus tógadh baile daingean ar an suíomh ársa seo. Bhí ceangal ag Cúil Raithin trína port leis an Bhreatain, leis an Eoraip agus le Meiriceá.

Bhronn Séamas I a cairt baile ar Chúil Raithin ar an 28 Meitheamh 1613. Thug seo cead don bhaile margadh a bheith aige agus ionadaí a chur chuig an Pharlaimint.

Ceithre chéad bliain níos moille i 2013, tacaíonn Conair Oidhreachtá Chúil Raithin, 400 trí lár stairiúil an bhaile, le hiniúchadh na tréimhse suntasaí seo i scéal na hÉireann agus le hiniúchadh na staire saibhre de Shasanaigh, Albanaigh, Breatnaigh agus Éireannaigh anseo.

- 1 An Diamant
- 2 Sráid na Mainistreach
- 3 Sráid an Droichid
- 4 An Teach Custaim
- 5 An Bhanna
- 6 Baile daingean Chúil Raithin
- 7 An Rampar Tuaisceartach
- 8 Eaglais Naomh Pádraig
- 9 Geata an Rí
- 10 Na Rampair
- 11 Taobh amuigh de na ballaí
- 12 Geata na nDall
- 13 Cé an Chalaídh
- 14 Sraith na gCloch
- 15 Sráid na Carcrach
- 16 An Eaglais Preispitéireach
- 17 An tSraith Nua
- 18 Lána an Chloighthí



Tá Comhairle Baile Chúil Raithin an-bhuíoch as flaitiúlacht:

This Project is supported by the Ministerial Advisory Group (MAG) Ulster-Scots Academy



CÚIL RAITHIN 400

AG TAISCÉALADH LÁR STAIRIÚIL AN BHAILE.



COLERAINE¹⁶¹³⁻²⁰¹³**400**
Celebrating 400 years of Coleraine's town charter

PLANDÁIL NA 17Ú HAOISE



01

Thug an Phlandáil áititheoirí isteach chun margáí nua a oscailt agus chun trádáil a stiúradh. Anseo i gCúige Uladh, b'ionann an Phlandáil áititheoirí Sasanacha, Albanacha agus Breatnacha, dlíthe nua, tiarnaí talún nua agus bailte nua.

Ag tús na 17ú haoise, trí scéim ar leith, bhí ar 55 comhlacht trádála ó Londain, darbh ainm Gildeanna nó Comhlachtaí Libhré, airgead a shuncáil i gContae Chúil Raithin, ar a tugadh an t-ainm nua County Londonderry. Sa bhliain 1613 bhronn an Rí Séamas 1 Cairt Ríoga ar The Honourable The Irish Society, an comhlacht rialaithe de Phlandáil Dhoire. Tugadh talamh don Eaglais agus do líon áirithe Éireannach chomh maith.

Bhí conspóid ann go minic faoi úinéireacht chearta iascaireachta luachmhara bradán den Bhanna ag tús na 17ú haoise. D'éiligh clanna áitiúla, gnó-eagraithe Sasanacha agus Albanacha, agus an Eaglais uilig na cearta. Níor chríochnaigh bronnadh na gceart iascaireachta ar The Honourable The Irish Society na hargóintí.

Bhí Cúil Raithin ríthábhachtach don Phlandáil agus tógadh baile daingean ar an suíomh ársa seo. Sa bhliain bhronn an Rí Séamas 1 a Cairt Baile ar Chúil Raithin.



02

Creideadh gurbh é Cúil Raithin 'an port ba thábhachtaí sa ríocht maidir le gnó an chósta'

Tuairisc leis an Suirbhéir Ginearálta Custaim in Éirinn 1637.

03



01 Tógadh Cúil Raithin agus a hoibreacha cosanta ar an lonnaíocht mheánaoiseach a bhí ann. Is féidir na patrúin sráide a cruthaíodh ansin a iniúchadh sa lá atá inniu ann. Rinneadh na tithe de fhrámaí adhmaid de lomáin a cuireadh ar snámh síos an Bhanna. Chuaigh na rampair cré seo chun raice go gasta. Tháinig an baile agus na daoine a d'iarr dídean ansin slán tríd an léigear i 1642. Taobh amuigh de na ballaí bhí muilt, pónaí ainmhithe agus áitheanna aoil. *Le Philip Armstrong.*

02 Más na Banríona Anne 1702 bronnta ar Choimisinéirí Bhaile Chúil Raithin ag The Honourable The Irish Society mar chúiteamh i dtailte.

03 An fhuinneog ghloine daite 1613-1913 bronnta ar Chúil Raithin ag The Honourable The Irish Society.

04 Leanann oidhreacht riaracháin chathartha agus na ceangail le Cathair London a tháinig isteach in aimsir na Plandála trí úsáid an leagain mhórthaibhsigh seo ó 1928 lena chiríní agus lena chomharthaí stairiúla.

AN RAIBH A FHIOS AGAT?



Bhí an Bhanna mar Gheata na Cruinne. I 1613 i measc na n-iompórtálacha bhí uirlisí, tabac, gual, fion Francach, síolta, síodaí, lása, spíosraí, torthaí tíortha, siúcra bán agus a lán eile. I measc na n-earraí a cuireadh thar tír amach chomh fada leis an Spáinn, bhí bradán, adhmaid, leathar, eallach agus grán.



04

CÚIL RAITHIN 400 'ISTIGH AGUS AMUIGH'

1 AN DIAMANT

Sa 17ú haois ceartlár gnóthach a bhí ann mar mhargadh an bhaile. Thóg The Honourable The Irish Society teach an mhargaidh i 1743, agus tógadh Halla Baile Chúil Raithin ina áit i 1859.

2 SRÁID NA MAINISTREACH

Ainmnithe as an Mhainistir Dhoiminiceach a tógadh i 1244. Téann gníomhaíocht sa cheantar seo siar na mílte bliain mar a fheictear ó ábhar méasailiotach a fuair seandálaithe ansin.

Thug áititheoirí Albanacha an creideamh Preispitéireach go Cúil Raithin. Cleachtadh é sna 1640í agus baineadh úsáid as foirgneamh in aice leis an Chéad Teampall Preispitéireach i Sráid na Mainistreach ó na 1660í ar aghaidh.

3 SRÁID AN DROICHID

Bhí bearaic an gharastúin suite i Sráid an Droichid sa 17ú haois. Bhí droichid adhmaid ag dul trasna na Banna roimhe sin, ach scriosadh iad. Thóg William Jackson droichead trasna i 1673. Tógadh an droichead atá ann faoi láthair sa bhliain 1844.

▼ Léaráid de Shráid an Droichid, 1816. Bailiúchán Iarsmalann Chúil Raithin.



4 ANTEACH CUSTAIM

Chruthaigh tábhacht Chúil Raithin mar phort trádáil leis an Bhreatain agus leis an Eoraip. Osclaíodh teach custaim le rialú na hearraí a bhí ag teacht isteach agus ag dul amach agus le cáin a ghearradh orthu. Bhí an Teach Custaim suite i lár an bhaile den chéad dul síos agus tógadh anseo é roimh na 1660í.

5 AN BHANNA

Níor leagadh amach pleananna do Ghairdíní Hanover go dtí 1835. Roimhe seo, rith bruach na habhann taobh le tailte na mainistreach. Tógadh dúnfort ar thailte na mainistreach idir 1625 agus 1630 ach leagadh é thart fá 1670.

Trasna na habhann, bhí talamh ag an Eaglais agus comhlacht libhré na n-oibríthe éadaigh. Tá eaglais ag Cill Eoghain ón 11ú haois – rinneadh teampall de chuid Eaglais na hÉireann di nuair a bhí Séamas 1 ina rí.

▼ Léaráid de Phlás Hanover, Book of Coleraine, 1816. Bailiúchán Iarsmalann Chúil Raithin.



6 BAILE DAINGEAN CHÚIL RAITHIN

Bhí seilbh ag Clann Mhic Dhónaill ar chuid mhaith de Chontae Aontroma. Aistríodh 2000 acra de thalamh, ar a tugadh an t-ainm Liberties of Coleraine ón Ridire Randal Mac Donnell do Phlandáil Dhoire. Thóg sé baile ag Dún Libhse den mhéid chéanna agus bhí intinn aige dul i gcomórtas le Cúil Raithin.

7 AN RAMPAR TUAISCEARTACH

Ag baint úsáide as an tírdhreach nádúrtha anseo don bhaile daingean, síneann The Liberties of Coleraine lena tailte curaíochta torthúla ó thuaidh agus siar uait. Bhí an muileann agus a dhamba suite taobh amuigh de na rampair.

8 EAGLAIS NAOMH PÁDRAIG

De réir an tseanscéil, bhunaigh Naomh Pádraig an eaglais i gCúil Raithin sa 5ú haois. Nocht seandálaithe bunsraith eaglaise meánaoisí agus is féidir í a fheiceáil taobh istigh den eaglais sa lá atá inniu ann. Insíonn leaca uaighe scéalta na ndaoine a bhí ina gcónaí i gCúil Raithin agus thart timpeall an bhaile sa 17ú haois.

9 GEATA AN RÍ

Faigheann an tsráid a hainm ó cheann amháin den dá gheata a bhí ar na rampair a rialaigh an bealach isteach agus an bealach amach as an bhaile daingean. As seo chuaigh an bealach go Dún Libhse, Muileann na mBuaise, agus Baile an Chaisleáin. Is dócha go bhfuil claiseanna adhclachta d'íobartaigh na plá i 1642 cóngarach don gheata.

10 NA RAMPAR

Agus tú ag siúl síos Sráid an Chumainn, is féidir leat líne na rampar mar a bhí siad sa 17ú haois a leanúint. Tugann daoine áirithe sa cheantar 'na Rampair' ar an tsráid go fóill.

11 TAOBH AMUIGH DE NA BALLAÍ

Creidtear go bhfuarthas an áith aoil ag Cnocán an Aonaigh, taobh amuigh den bhaile. Chomh maith leis an áith agus an muileann lasmuigh de na ballaí, bhí póna d'eallach sa cheantar darb ainm Long Commons i gCúil Raithin.

12 GEATA NA NDALL

Ceann amháin den dá gheata a rialaigh an bealach isteach agus an bealach amach as ceantar daingean Chúil Raithin. Chuaigh an bóthar go Baile Monaigh agus níos faide. Nocht tochailt ag an Teampall Baisteach lámhdhéantúsáin mheánaoiseacha agus gairdíní a shín amach taobh thall de theorainn an bhaile dhaingin.

13 CÉ AN CHALAI DH

Ní raibh droichead trasna na Banna bunús na 17ú haoise; baineadh úsáid as báid fantóireachta ina áit. Cruthaíodh ioncam, agus dóigh eile a bhí ann le daoine a bhí ag teacht isteach agus ag dul amach a rialú.

▼ Pictiúr d'Eaglais Naomh Pádraig, Book of Coleraine, 1816. Bailiúchán Iarsmalann Chúil Raithin



14 SRAITH NA GCLOCH

Tugadh an t-ainm uirthi mar gheall ar an tsraith tithe cloiche a bhí anseo sa 17ú haois. De réir traidisiúin, tógadh na clocha ar bhain siad úsáid astu chun na tithe a thógáil ó na gearthacha níos faide suas an Bhanna.

15 SRÁID NA CARCRACH

Bhí carcair an bhaile suite sa tsráid seo. Bhí ort a bheith i do shaoirseach chun do cheard a chleachtadh taobh istigh de bhallaí an bhaile. Na daoine a fuarthas taobh istigh de bhallaí an bhaile nach raibh ina saoirsigh, bhí baol ann go gcuirfeadh i bpríosún iad.

16 AN EAGLAIS PHREISPITÉIREACH

Thug áititheoirí albanacha an creideamh Preispitéireach go Cúil Raithin. Bhí an Chéad Eaglais Phreispitéireach suite in aice leis an eaglais atá ann faoi láthair ar Shráid na Mainistreach. Téann foirgneamh Eaglais Phreispitéireach na Sraithe Nua siar go 1832 ach tá an eaglais ríthábhachtach d'fhianaise agus d'adhradh an chreidimh phreispitéirigh ó na 1720í.

17 ANTSRAITH NUA


Tógadh an chéad sraith de thithe de chineál Sasanach ar an tsráid seo. Tógadh frámaí na dtithe a rinneadh d'adhmaid áitiúil ar an talamh sular tarraingíodh iad suas ina n-áit féin.

▼ Léaráid de Sraith nua, ó the Book of Coleraine, 1816. Bailiúchán Iarsmalann Chúil Raithin.



18 LÁNA AN CHLOIGHTÍ

Bhí clog an chuirfiú crochta i Halla na Comhairle agus Teach na Cúirte ar an Choirnéal. Bualadh an clog seo mar chomhartha do dhuine ar bith nár chóir dó bheith taobh istigh de bhallaí an bhaile an áit a fhágáil, agus mar ghlaoch arm nuair a bhí ceannairc ann.



▲ Léirigh leagan i Sráid na hEaglaise i 1985 an struchtúr ón 17ú haois i bhfolach i mbriceadóireacht níos deireanaí.



▲ Léirigh tochtáin ag suíomh na Mainistreach cé chomh mór is a bhí Príóireacht mheánaoiseach Naomh Muire.

◀ Léarscáil Chúil Raithin i 1622 le Thomas Raven, a léiríonn leagan amach na sráideanna atá ann go fóill. Le caoinchead Lambeth Palace Archives

◀ Piosa adhmaid nár cailleadh a bhí mar chuid d'aghaidh siopa, agus a tógadh ó Moores, Sráid na hEaglaise, Cúil Raithin i 1985. Pictiúr le caoinchead NIEA



▲ Léirigh tochtáin i 1983 ag an tSraith Nua earraí iompórtáilte leithéid an t-arthach ó Stoke-on-Trent, agus thíos, iarsmaí de bhróg leathair. Pictiúir le caoinchead NIEA

